



An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026
(OR. en)

9543/26

TELECOM 251
CYBER 240
JAI 647
COPEN 196
DATAPROTECT 170
EJUSTICE 25
COSI 85
IXIM 118
ENFOPOL 186
RELEX 699
MI 520
COMPET 607
CODEC 983

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Bealtaine 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 234 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TUARASCÁIL ARNA GLACADH DE BHUN AIRTEAGAL 112(1) DE RIALACHÁN (AE) 2024/1689 MAIDIR LEIS AN nGÁ ATÁ LE hATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR AN LIOSTA DE CHLEACHTAIS INTLEACHTA SAORGA THOIRMISCTHE AGUS DE CHÓRAIS INTLEACHTA SAORGA ARDRIOSCA A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN III

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 234 final.

Faoi iamh: COM(2026) 234 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 234 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**TUARASCÁIL ARNA GLACADH DE BHUN AIRTEAGAL 112(1) DE RIALACHÁN
(AE) 2024/1689 MAIDIR LEIS AN nGÁ ATÁ LE hATHBHREITHNIÚ A
DHÉANAMH AR AN LIOSTA DE CHLEACHTAIS INTLEACHTA SAORGA
THOIRMISCHE AGUS DE CHÓRAIS INTLEACHTA SAORGA ARDRIOSCA A
LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN III**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN EORPACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

TUARASCÁIL ARNA GLACADH DE BHUN AIRTEAGAL 112(1) DE RIALACHÁN (AE) 2024/1689 MAIDIR LEIS AN nGÁ ATÁ LE hATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH ARAN LIOSTA DE CHLEACHTAIS INTLEACHTA SAORGA THOIRMISCHE AGUS DE CHÓRAIS INTLEACHTA SAORGA ARDRIOSCA A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN III

1. Comhthéacs agus faisnéis chúlra

- (1) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear rialacháin áirithe ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga'¹), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024. Leagtar síos leis an rialachán seo creat dlíthiúil cuimsitheach le haghaidh rialáil na hintleachta saorga ('IS') san Aontas arb é is aidhm dó nuálaíocht agus glacadh IS a chur chun cinn, agus ardleibhéal cosanta á áirithiú ag an am céanna don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha san Aontas Eorpach (AE), lena n-áirítear an daonlathas agus an smacht reachta.
- (2) Leantar cur chuige rioscabhunaithe sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, lena n-aicmítear córais intleachta saorga i gceithre chatagóir riosca éagsúla: (i) riosca do-ghlactha; (ii) ardriosca; (iii) riosca trédhearcachta; agus (iv) riosca íosta nó riosca gan riosca ar bith. Maidir leis an gcatagóir riosca do-ghlactha, liostaítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga cleachtais shonracha intleachta saorga atá toirmisce san Aontas (Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga). Aicmítear córais intleachta saorga mar chórais ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 6 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, i gcomhar le hIarscríbhinn I (liosta de reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) agus Iarscríbhinn III den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Le hIarscríbhinn III cumhdaítear ocht réimse agus liostaítear cásanna úsáide nithiúla le haghaidh gach réimse a mheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go bhfuil ardriosca díobhála ag baint leo do shláinte agus sábháilteacht daoine nó do chearta bunúsacha.
- (3) Tá an Gníomh um an Intleacht Shaorga ceaptha mar ionstraim dlí sholúbtha a sheasfaidh an aimsir lena gceadaítear rialacha áirithe a chur in oiriúint do luas tapa na bhforbairtí teicneolaíochta, agus do na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar úsáid córas intleachta saorga agus do rioscaí atá ag teacht chun cinn. Chun na críche sin, déantar foráil sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le faireachán agus athbhreithniú leanúnach, lena n-áiríteofar go leanfaidh na rialacha de bheith ábhartha agus éifeachtach. Tá feidhm aige sin fiú sula dtiocfaidh forálacha sonracha i bhfeidhm, amhail na rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca.

¹ Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024).

- (4) Le hAirteagal 112 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, soláthraítear ionstraim faireacháin shonrach chun meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Faoi Airteagal 112(1) den Gníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar liosta na gcóras intleachta saorga ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus ar liosta na gcleachtas intleachta saorga toirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, uair sa bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Gníomh um an Intleacht Shaorga, agus go dtí deireadh thréimhse tharmligean na cumhachta a leagtar síos in Airteagal 97 den Gníomh um an Intleacht Shaorga. Ní mór don Choimisiún torthaí an mheasúnaithe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (5) Is í seo an chéad tuarascáil a glacadh faoin bhforáil sin. Is é is cuspóir dó a mheas an gá leasú a dhéanamh ar liosta na gcásanna úsáide a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus ar liosta na gcleachtas intleachta saorga toirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga chun a áirithiú go leanfaidh an Gníomh um an Intleacht Shaorga de bheith ábhartha agus éifeachtach i bhfianaise teicneolaíochtaí intleachta saorga atá ag athrú go tapa. Ní thagann an t-athbhreithniú ar liosta na réimsí a chumhdaítear le hIarscríbhinn III faoi raon feidhme na tuarascála seo, ós rud é nach gceanglaítear ar an gCoimisiún an t-athbhreithniú sin a dhéanamh ach faoin 2 Lúnasa 2028, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) den Gníomh um an Intleacht Shaorga.
- (6) Tosaíonn an tuarascáil seo tríd an mhodheolaíocht a úsáideadh agus í á hullmhú a chur i láthair. Cuireann sé an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm ansin chun measúnú a chur i láthair ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na gcásanna úsáide ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus ar liosta na gcleachtas intleachta saorga toirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga.
- (7) Tá teorainn leis an measúnú sa tuarascáil seo mar gheall ar an tréimhse ghearr atá caite ó tháinig an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm agus mar gheall ar a chur i bhfeidhm teoranta tráth a glacadh an tuarascáil seo. Tháinig Caibidil II den Gníomh um an Intleacht Shaorga (Cleachtais thoirmisce) i bhfeidhm an 2 Feabhra 2025. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le forfheidhmiú na caibidle sin ach ón 2 Lúnasa 2026 ar aghaidh agus tá na húdaráis inniúla náisiúnta fós á n-ainmniú. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí maidir le córais intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga ón 2 Lúnasa 2026, a bhfuil síneadh féideartha á mheas ina leith². Thairis sin, cé gur foilsíodh treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cleachtais intleachta saorga thoirmisce i mí Feabhra 2025³, tá treoirlínte maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca fós á n-ullmhú. Dá bhrí sin, tá soiléireacht maidir le coincheapa áirithe agus aicmiú cásanna úsáide sonracha intleachta saorga fós le soláthar

² Mhol an Coimisiún san Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga an amlíne le haghaidh na rialacha intleachta saorga ardriosca a ailíniú le hinfhaighteacht caighdeán agus uirlisí tacaíochta eile. A luaithe a dheimhneoidh an Coimisiún go bhfuil siad sin ar fáil go leordhóthanach, beidh feidhm ag na rialacha tar éis idirthréimhse 6 mhí le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca in Iarscríbhinn III agus in aon chás tráth nach déanaí ná an 2 Nollaig 2027. Tá sé sin fós faoi chaibidil agus tá sé faoi réir comhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú chur chun feidhme na rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga). {SWD(2025) 836 final}, an Bhruiséil, 19.11.2025, COM(2025) 836 final, 2025/0359 (COD).

³ Le fáil ag: [Foilsíonn an Coimisiún na Treoirlínte maidir le cleachtais intleachta saorga \(IS\) atá toirmisce, mar a shainítear sa Gníomh um an Intleacht Shaorga. |Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú](#)

sna treoirlínte sin, agus tá tuilleadh forbartha le déanamh orthu trí chur i bhfeidhm praiticiúil Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus trí fhorálacha gaolmhara.

2. An mhodheolaíocht a glacadh le haghaidh an athbhreithnithe faoi Airteagal 112(1) den Gníomh um an Intleacht Shaorga

- (8) I gcomhréir le hAirteagal 112(11) den Gníomh um an Intleacht Shaorga, chun na meastóireachtaí agus na hathbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 112(1) a threorú, ba cheart don Oifig um Intleacht Shaorga modheolaíocht oibiachtúil agus rannpháirteach a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal riosca bunaithe ar na critéir a leagtar amach sna hAirteagail ábhartha agus chun córais nua a áireamh sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear síneadh a chur leis na ceannteidil réimse atá ann cheana nó ceannteidil réimse nua a chur leis an Iarscríbhinn sin, agus liosta na gcleachtas toirmisce a leagtar amach in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga.
- (9) Cuirtear i láthair sa roinn seo den tuarascáil an cur chuige modheolaíochta a d'fhorbair an Oifig um Intleacht Shaorga chun comhlíonadh na hoibleagáide sin a áirithiú agus an tuarascáil seo á hullmhú. Ar an gcéad dul síos, tugtar forléargas ann ar na critéir dhlíthiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta de chleachtas intleachta saorga thoirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga agus ar liosta na gcóras intleachta saorga ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III (Roinn 2.1. thíos). Tá na critéir dhlíthiúla sin mar bhonn eolais don mheasúnú breise ar an ngá atá le hathbhreithniú féideartha, go háirithe maidir le córais nithiúla intleachta saorga a d'fhéadfadh a bheith sa dá chatagóir sin. Ar an dara dul síos, leagtar amach sa tuarascáil na modhanna rannpháirtíochta a úsáidtear chun fianaise a bhailiú agus a anailísiú, chomh maith leis an gcur chuige a leanadh le linn an phróisis measúnaithe (Roinn 2.2 thíos).

2.1. Critéir dhlíthiúla chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar an liosta de chleachtas intleachta saorga thoirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga agus ar an liosta de chásanna úsáide ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga

- (10) An measúnú ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar liosta na gcleachtas intleachta saorga atá toirmisce faoi Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, chomh maith leis na cásanna úsáide ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, tá siad bunaithe ar chritéir dhlíthiúla. I gcás Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, déantar foráil shainráite maidir leis na critéir sin laistigh den Gníomh um an Intleacht Shaorga féin (Airteagal 7 den Gníomh um an Intleacht Shaorga), agus i gcás Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, tá siad bunaithe ar bhunreáinaíocht na reachtaíochta.

2.1.1. Critéir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta toirmeasc in Airteagal 5

- (11) Le hAirteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear toirmeasc ar líon teoranta córas intleachta saorga a chur ar mhargadh an Aontais, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid le haghaidh cleachtais ionramhálacha dhúshaothraithe, rialú sóisialta, faireachas agus cleachtais eile, ar cleachtais iad a sháraíonn cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais de bharr a gcineáil bhunúsaigh. Soiléirítear in Aithris 28 den Gníomh um an Intleacht Shaorga go bhfuil na cleachtais sin thar a bheith díobhálach agus mí-úsáideach toisc go dtagann siad salach ar luachanna an Aontais maidir le meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an gcomhionannas, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt')⁴. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh údar a bheith le hathbhreithniú ar Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga aon uair a thugann fianaise shubstantiúil le fios nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach leis na toirmisc atá ann faoi láthair ar chleachtais intleachta saorga nua nó ar chleachtais intleachta saorga atá ag teacht chun cinn a bhaineann an bonn go héifeachtach de luachanna an Aontais nó de chearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a cháilíonn mar chleachtais atá an-díobhálach agus mí-úsáideach.
- (12) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 5(8) den Gníomh um an Intleacht Shaorga nach ndéanann an Gníomh um an Intleacht Shaorga difear do thoirmisc atá ann cheana faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Leagtar béim san fhoráil sin ar an idirghníomhú idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus creataí dlíthiúla eile, mar gheall ar a chineál cothrománach⁵. Ar an iomlán, is é is príomhaidhm do na toirmisc sa Gníomh um an Intleacht Shaorga díriú ar bhearnaí nach dtugtar aghaidh orthu cheana féin i reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus a éilíonn rialacha margadhbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an intleacht shaorga. Mar sin féin, cé go bhféadfadh feidhm a bheith ag gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais ag an am céanna, is cinnte go dtugann siad aghaidh ar shaincheisteanna ó dhearcthaí éagsúla, le sásraí éagsúla forfheidhmiúcháin, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh siad aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí foriomlána a bhaineann le cleachtais intleachta saorga dho-ghlactha áirithe.
- (13) Mar thoradh air sin, is é cur chuige an Choimisiúin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an liosta de chleachtais intleachta saorga thoirmisce in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú, faoi réir dhá choinníoll charnacha ar a laghad:
- tá cleachtais intleachta saorga nua nó cleachtais intleachta saorga atá ag teacht chun cinn ann a bhaineann an bonn de luachanna an Aontais nó de na cearta agus na saoirsí sa Chairt nach gcumhdaítear leis an liosta reatha de chleachtais thoirmisce in Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga; agus
 - tá bearnaí rialála fós ann d'ainneoin reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais, rud a fhágann gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar thoirmisc an Gníomh um an Intleacht Shaorga chun a áirithiú go gcumhdófar cleachtais dhíobhálacha intleachta saorga go cuimsitheach.

⁴ An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407.

⁵ Féach i ndáil leis sin ranna 2.8, 3.6, 4.4, 5.4, 6.4 agus 8.4 de na Treoirlínte maidir le cleachtais intleachta saorga thoirmisce.

- (14) Ní fhéadfar Airteagal 5 a mhodhnú ach amháin trí leasú reachtach. Dá bhrí sin, má shaináithnítear gur gá Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga a leasú, cuirfidh an Coimisiún torthaí a mheasúnaithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus breithneoidh sé an gá togra reachtach a thíolacadh chuige sin.

2.1.2. Critéir chun athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na gcórais intleachta saorga ardriosca in Iarscríbhinn III

- (15) Le hAirteagal 6 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, i gcomhar le hIarscríbhinn I agus III, tugtar aghaidh ar úsáidí áirithe córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca mar gheall ar an riosca suntasach díobhála a bhaineann leo do shláinte agus sábháilteacht, nó do chearta bunúsacha daoine. Níor cheart córais intleachta saorga ardriosca a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse ná a úsáid ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais shainordaitheacha áirithe a leagtar amach sa Gníomh um an Intleacht Shaorga arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Teorainn a chur leis an athbhreithniú chun cásanna de chórais intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III a úsáid

- (16) Déantar idirdhealú sa Gníomh um an Intleacht Shaorga idir dhá chatagóir de chórais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ‘ardriosca’ mar a leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) den Gníomh um an Intleacht Shaorga. Is é an chéad chatagóir córais intleachta saorga atá leabaithe mar chomhpháirteanna sábháilteachta i dtáirgí nó ar táirgí iad féin a rialaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shláinte agus sábháilteacht daoine, agus a aicmítear, dá bhrí sin, mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) den Gníomh um an Intleacht Shaorga. Cumhdaítear leis an dara catagóir córais intleachta saorga a mheastar, i bhfianaise na críche atá beartaithe dóibh, go bhfuil riosca suntasach ag baint leo don tsláinte, don tsábháilteacht nó do chearta bunúsacha agus, dá bhrí sin, a aicmítear mar chórais ardriosca de réir Airteagal 6(2) den Gníomh um an Intleacht Shaorga.
- (17) Ós rud é go ndíríonn Airteagal 112(1) den Gníomh um an Intleacht Shaorga ar an ngá a d’fhéadfadh a bheith le hathbhreithniú ar chásanna úsáide ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III, na córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta táirgí iad, nó ar táirgí iad féin, a thagann faoi raon feidhme reachtaíocht chomhchuibhithe áirithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I, tá siad lasmuigh de raon feidhme na tuarascála seo. Ní thagraíonn an tagairt do chórais intleachta saorga ardriosca sa tuarascáil seo ach do na córais intleachta saorga neamhspleácha⁶ a thagann faoi na réimsí réamhshainithe a liostaítear in Iarscríbhinn III.

Critéir a liostaítear in Airteagal 7 chun cásanna úsáide córais intleachta saorga ardriosca a leasú

- (18) Le hAirteagal 7 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, tugtar de chumhacht don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, Iarscríbhinn III a leasú trí chásanna úsáide

⁶ Córais intleachta saorga ardriosca cé is moite de na córais sin ar comhpháirteanna sábháilteachta táirgí iad, nó ar táirgí iad féin a aicmítear mar tháirgí ardriosca faoi Airteagal 6(1).

córas intleachta saorga ardriosca a chur leis, a mhodhnú nó a scriosadh chun luas tapa na forbartha teicneolaíche a chur san áireamh, chomh maith leis na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar úsáid córas intleachta saorga (féach freisin Aithris 52 agus Aithris 173 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga). Tá an cumhachtú sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1) go (3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

- (19) Ar an gcéad dul síos, bunaítear le hAirteagal 7(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun cásanna úsáide nua a chur le hIarscríbhinn III nó chun na cásanna úsáide a liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn sin a mhodhnú ar choinníoll (i) go bhfuil sé beartaithe na córais intleachta saorga a úsáid i gceann de na hocht réimse a liostaítear in Iarscríbhinn III agus (ii) go bhfuil riosca díobhála ag baint leo atá coibhéiseach leis na cinn a liostaítear cheana féin nó níos mó ná iad. Socraítear leis an dara coinníoll sin tairseach measúnaithe riosca chomparáidigh: príomhchoinníoll chun cásanna úsáide breise de chórais intleachta saorga ardriosca a liostú is ea nach mór riosca a bheith ag baint leo don tsláinte agus don tsábháilteacht, nó do chearta bunúsacha daoine, rioscaí atá coibhéiseach leo siúd a liostaítear cheana in Iarscríbhinn III. Áirithítear leis sin comhsheasmhacht agus comhréireacht in aicmiú na gcóras intleachta saorga ardriosca.
- (20) Leagtar amach in Airteagal 7(2) na critéir nach mór a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an mbaintear amach an tairseach sin. Áirítear orthu sin, inter alia, an chríoch atá beartaithe don chóras intleachta saorga, a mhéid is dócha a úsáidfear é, cineál na sonraí a phróiseáiltear agus an díobháil atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann. Soiléirítear le hAithris 52 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga an réasúnaíocht atá leis na critéir sin trína lua gurb iomchuí córais intleachta saorga neamhspleácha a aicmiú mar chórais ardriosca más rud é, i bhfianaise na críche atá beartaithe dóibh, go bhfuil ardriosca díobhála ag baint leo do shláinte agus sábháilteacht nó do chearta bunúsacha daoine, agus déine na díobhála féideartha agus an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil á gcur san áireamh, agus más rud é go n-úsáidtear iad i roinnt réimsí réamhshainithe sonracha a shonraítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tá corrlach lánroghnach áirithe ag an gCoimisiún maidir leis na critéir a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcuirtear san áireamh go cuí iad agus go meastar iad a bheith comhlíonta sa mheasúnú foriomlán.
- (21) Mar thoradh air sin, ní úrnuacht theicneolaíoch nó ábhar inní poiblí amháin atá sa tairseach chun an liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a leasú, ach riosca inléirithe agus inchoimparáide a bhaineann le córais intleachta saorga don tsláinte, don tsábháilteacht nó do chearta bunúsacha, atá comhchosúil leis an riosca a bhaineann leis na córais intleachta saorga a liostaítear in Iarscríbhinn III faoi láthair.

Teorainn a chur leis an athbhreithniú chun cásanna de chórais intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III a úsáid

- (22) Sonraítear in Airteagal 7(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga na critéir maidir le córais intleachta saorga ardriosca a bhaint d'Iarscríbhinn III. Chun na críche sin, ní mór don Choimisiún a léiriú nach bhfuil ardriosca díobhála ag baint leis an gcás úsáide a thuilleadh, agus nach laghdófaí leibhéal foriomlán cosanta na sláinte agus na sábháilteachta, ná na gcearta bunúsach faoi dhlí an Aontais dá mbainfí é.

2.2. Modheolaíocht chun fianaise oibiachtúil agus rannpháirteach a bhailiú agus a anailísiú a úsáidtear sa tuarascáil seo agus na nósanna imeachta a leanadh

- (23) De réir Airteagal 112(11) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ceanglaítear ar an Oifig um Intleacht Shaorga gealltanais a thabhairt modheolaíocht oibiachtúil agus rannpháirteach a fhorbairt agus measúnú á dhéanamh aici ar an ngá atá leis an athbhreithniú a chumhdaítear leis an tuarascáil. Thairis sin, de bhun Airteagal 112(8) agus Airteagal 112(9) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar an mBord Eorpach um an Intleacht Shaorga ('an Bord um an Intleacht Shaorga'), ar na Ballstáit agus ar na húdaráis inniúla náisiúnta agus a thuarascáil á hullmhú aige agus ní mór dó seasaimh agus torthaí an Bhoird um an Intleacht Shaorga, Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus comhlachtaí nó foinsí ábhartha eile a chur san áireamh agus a athbhreithniú agus a mheastóireacht á ndéanamh aige.
- (24) I gcomhréir leis na forálacha sin, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht seo a leanas i bhfeidhm chun an tuarascáil seo a ullmhú:
- **Teagmháil leis an mBord um an Intleacht Shaorga agus comhairliúchán leis na Ballstáit agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta**
Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na Ballstáit agus lena n-údaráis inniúla náisiúnta faoi seach sa phróiseas ainmniúcháin, agus chuir sé ceisteanna ábhartha isteach tríd an mBord um an Intleacht Shaorga. Bhí roinnt foghrúpaí den Bhord um an Intleacht Shaorga páirteach sa phróiseas.
 - **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**
Rinneadh comhairliúchán ilpháirtithe leasmhara chun aiseolas agus dearcthaí a bhailiú ó réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe tionscail, an saol acadúil, an tsochaí shibhialta agus an pobal i gcoitinne.
 - **Taighde eimpíreach: anailís a dhéanamh ar bhunachair sonraí teagmhas intleachta saorga**
Rinne an Coimisiún anailís freisin ar bhunachair sonraí ábhartha maidir le teagmhais intleachta saorga chun cur chuige cuimsitheach fianaisebhunaithe a áirithiú bunaithe ar fhianaise eimpíreach maidir le díobháil a dhéanann córais intleachta saorga.
- (25) Pléitear sna ranna thíos ar bhealach níos mionsonraithe an mhodheolaíocht chun fianaise a úsáidtear sa tuarascáil seo a bhailiú agus a anailísiú ar bhealach oibiachtúil agus rannpháirteach. Sonraítear iontu na cineálacha cur chuige a glacadh chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a bhailítear cuimsitheach agus go n-áirítear dearcthaí éagsúla páirtithe leasmhara léi, rud a thacaíonn le measúnú trédhearcach, fianaise-bhunaithe a bhfuil bunús maith leis.

3. Anailís ar an bhfaisnéis a bhailítear

3.1. Anailís ar an ionchur ón gcomhairliúchán leis na Ballstáit agus leis an mBord um Intleacht Shaorga

- (26) Chuaigh an Oifig um Intleacht Shaorga i gcomhairle leis na Ballstáit trí fhoghrúpaí ábhartha an Bhoird⁷ um Intleacht Shaorga agus d'iarr sí orthu a n-ionchur a chur ar fáil go díreach le linn na gcrúinnithe nó i scríbhinn.

3.1.1. Seasamh na mBallstát maidir leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta na gcleachtas toirmisce in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

Seasamh ginearálta

- (27) Le linn an chomhairliúcháin le foghrúpa ábhartha an Bhoird um an Intleacht Shaorga, dúirt formhór na mBallstát a bhí i láthair nach bhfeiceann siad, ag an gcéim seo, gur gá an liosta de chleachtais intleachta saorga thoirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a leasú. Ina theannta sin, thíolaic naoi mBallstát ráitis i scríbhinn trí ríomhphost, ag deimhniú ar an gcaoi chéanna go meastar nach bhfuil gá leis an liosta sin a leasú. Fuarthas freagraí inchomparáide freisin ón mbeirt bhreathnóirí ar an bhfoghrúpa.
- (28) Thug ionadaithe na mBallstát is freagróirí dá n-aire arís agus arís eile, ós rud é nár tháinig forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir leis an sainmhíniú ar chórais intleachta saorga agus ar chleachtais thoirmisce i bhfeidhm go dtí an 2 Feabhra 2025, go mbeidh na rialacha maidir le forfheidhmiú infheidhme an 2 Lúnasa 2026, agus nach bhfuil sásraí forfheidhmiúcháin ag feidhmiú go fóill, nach bhfuiltear ach ag tosú ar an meastóireacht ar chleachtais atá an-díobhálach agus an-mhí-úsáideach agus nach bhfuil ag teacht salach ar luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais. Mar gheall ar an tréimhse theoranta ó tháinig Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm, tá easpa taithí phraiticiúil agus cásanna úsáide nithiúla ann faoi láthair ar ar a mbonn is féidir meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht thoirmisc an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Measadh, dá bhrí sin, gur féidir ionchur níos fiúntaí a sholáthar a luaithe a bheidh na forálacha ábhartha i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide. Faoi láthair, thug na Ballstáit dá n-aire nach bhfuil mórán sonraí ná anailíse nithiúla ar fáil chun údar a thabhairt le hathbhreithniú.
- (29) I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba é seasamh ginearálta na mBallstát go mbeadh aon iarracht atá dírithe ar athbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar liosta na gcleachtas toirmisce níos iomchuí ag céim níos déanaí, a luaithe a bheidh taithí leordhóthanach ar chur chun feidhme bailithe.

Saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu le haghaidh tuilleadh faireacháin

- (30) Mhol Ballstát amháin go bhféadfadh sé a bheith ábhartha measúnú a dhéanamh an bhféadfaí córais intleachta saorga a áireamh ar an liosta de chleachtais intleachta saorga

⁷ Go háirithe, cuireadh ceisteanna faoi bhráid na mBallstát maidir leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta na gcásanna úsáide a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus ar liosta na gcleachtas intleachta saorga toirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga le linn an cheathrú cruinniú d'Fhoghrúpa an Bhoird um Intleacht Shaorga maidir le toirmisc, a bhí ar siúl an 13 Bealtaine 2025; an tríú cruinniú d'Fhoghrúpa Iarscríbhinn III an Bhoird um Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga ardriosca a tionóladh an 16 Bealtaine 2025; an Tríú cruinniú den Bhord um an Intleacht Shaorga, Foghrúpa Iarscríbhinn III maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus an tSlándáil, a tionóladh an 5 Meitheamh 2025; agus an dara cruinniú den Bhord um an Intleacht Shaorga san Foghrúpa Seirbhísí Airgeadais a tionóladh an 13 Bealtaine 2025.

thoirmisceithe ar **córais IS iad atá beartaithe chun bogearraí mailíseacha a fhorbairt nó a dháileadh** a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhonneagar criticiúil, bunachair sonraí a chur i mbaol, nó rioscaí a chruthú i ndáil le cearta bunúsacha. Tar éis don Choimisiún anailís a dhéanamh ar an moladh sin, mheas sé gur chosúil go gcumhdófaí go leordhóthanach le reachtaíocht éagsúil de chuid an Aontais na rioscaí a dtabharfaí aghaidh orthu le toirmeasc den sórt sin⁸, ach tharraing sé aird ar an tsaincheist le haghaidh tuilleadh faireacháin agus measúnaithe.

3.1.2. Seasamh na mBallstát maidir leis an ngá atá leis na cásanna úsáide ardriosca in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a leasú

Seasamh ginearálta

- (31) Pléadh ag roinnt cruinnithe d'fhoghrúpaí an Bhoird um Intleacht Shaorga an gá atá le liosta na gcásanna úsáide ardriosca in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a leasú. Le linn na gcrúinnithe sin, dúirt go leor Ballstát a bhí i láthair nach bhfeiceann siad faoi láthair gur gá Iarscríbhinn III a leasú. Thairis sin, thíolaic seacht mBallstát ráitis i scríbhinn trí ríomhphost, lena ndeimhnítear nach bhfeiceann siad gur gá Iarscríbhinn III a leasú ag an gcéim seo.
- (32) Cosúil leis na breithnithe a leagtar amach thuas i ndáil le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar liosta na gcleachta intleachta saorga atá toirmisceithe in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, thug na Ballstáit is freagróirí dá n-aire arís agus arís eile go bhfuil measúnú fós á dhéanamh acu ar impleachtaí an chreata reachtaigh ar na cásanna úsáide intleachta saorga ardriosca atá ann faoi láthair a liostaítear in Iarscríbhinn III. Níl na rialacha a bhaineann le córais intleachta saorga ardriosca infheidhme go fóill, agus tá treoirlínte comhfhreagracha ón gCoimisiún maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca fós le teacht. I bhfianaise na mbreithnithe sin, mheas na Ballstáit go ginearálta go raibh sé róluath leasuithe a dhéanamh ar an liosta cásanna úsáide ardriosca atá ann faoi láthair in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

Saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu le haghaidh tuilleadh faireacháin

- (33) Chuir dhá Bhallstát in iúl go raibh inní orthu faoi roinnt cásanna sonracha úsáide IS⁹.
- (34) Bhain ábhar inní amháin le rialú **botáí comhrá IS féinchabhrach (teiripe)**¹⁰ nach dtagann faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis¹¹. Is uirlisí digiteacha iad botáí comhrá

⁸ E.g. reachtaíocht chibearshlándála an Aontais (ó ghníomhartha dlí a rinneadh le déanaí, féach Gníomh AE um Chibear-Dhlúthpháirtíocht), Treoir 2013/40/AE maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle.

⁹ Mar a tugadh faoi deara thuas, ní eiseofar treoirlínte an Choimisiúin maidir le córais intleachta saorga ardriosca go dtí 2026. Mar thoradh air sin, tá measúnuithe ar chórais intleachta saorga ardriosca nithiúla, a shainithin na Ballstáit, páirtithe leasmhara nó bunachair sonraí teagmhas intleachta saorga, bunaithe ar théacs an Ghníomh um an Intleacht Shaorga amháin. Mar gheall ar threoir theoranta atá ar fáil ag an gcéim reatha, ní raibh measúnuithe nithiúla indéanta i gcónaí, agus cuireadh na cásanna sin in iúl le haghaidh tuilleadh faireacháin.

¹⁰ Chuir páirtithe leasmhara éagsúla ábhair inní den chineál céanna in iúl freisin (féach Roinn 3.2 thíos).

¹¹ Má mhargaítear bota comhrá mar bhota a thugann aghaidh ar riochtaí meabhairshláinte sonracha nó a threoraíonn úsáideoirí trí idirghabhálacha teiripeacha, is dócha go dtiocfadh sé faoi raon feidhme an Rialacháin

intleachta saorga féinchabhrach (teiripe) arna gcumhachtú ag an intleacht shaorga agus atá deartha chun tacaíocht mheabhairshláinte agus treoir mhothúchánach a chur ar fáil d'úsáideoirí trí chomhéadain chomhrá. Cé go gcuirtear i láthair iad mar uirlisí folláine, seachas mar fheistí leighis, déanann siad difear mar sin féin do chinntí a bhaineann le meabhairshláinte úsáideoirí agus d'fhéadfaidís sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil. Dá bhrí sin, tá baol ann go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an tacaíocht agus ag an treoir mhothúchánach a chuireann na botaí comhrá sin ar fáil ar mheabhairshláinte daoine aonair. I bhfianaise an mhéid sin, d'ardaigh Ballstát amháin an cheist ar cheart na córais sin a aicmiú mar chórais intleachta saorga ardriosca.

(35) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar an gceist sin, measann an Coimisiún, nuair a chomhlíonann botaí comhrá féinchabhrach an sainmhíniú ar fheiste leighis, go bhfuil siad faoi réir na ndiancheanglas agus na ndianrialuithe faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis. Thairis sin, d'fhéadfadh na botaí comhrá intleachta saorga féinchabhrach is díobhálaí teacht faoi na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a) agus (b) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Maidir le botaí comhrá intleachta saorga féinchabhrach eile a aicmiú mar bhotáí comhrá ardriosca, ní fhéadfaí an chuid is mó de na córais intleachta saorga sin a chur faoi cheann de na cásanna úsáide a liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn III, cé is moite de roinnt eisceachtaí sonracha a chumhdaítear cheana féin leis na cásanna úsáide¹². Ina theannta sin, go pointe áirithe ar a laghad, d'fhéadfadh na hoibleagáidí maidir le nochtadh a leagtar amach in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a bheith ina maolú chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na rioscaí a bhaineann le botaí comhrá intleachta saorga féinchabhrach, go háirithe iad siúd a bhaineann le cinnteoireacht eolasach agus an tionchar síceolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag an idirghníomhaíocht ar dhaoine aonair. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcaoi a dtugann na forálacha sin aghaidh ar na rioscaí thuasluaite sa chleachtas sula ndéanfaidh sé aon leasú ar Iarscríbhinn III a mheas. Mar sin féin, aithníonn an Coimisiún, ag an gcéim seo, gur cheart an úsáid agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcineál sin córais intleachta saorga a bheith faoi réir dlúthfhaireachán agus bailiú fianaise breise sna blianta amach romhainn, go háirithe a luaithe a thiocfaidh forálacha an Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga ardriosca i bhfeidhm.

(36) Ábhar imní eile a bhí dírithe ar **fhoghlaim phearsantaithe atá dírithe ar an intleacht shaorga**. Leis an anailís atá ann faoi láthair bunaithe ar na critéir a liostaítear in Airteagal 7 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach mbaineann rioscaí le córais intleachta saorga féinfhoghlama (neamhspleácha) atá coibhéiseach leis na rioscaí a bhaineann le córais intleachta saorga a liostaítear in Iarscríbhinn III den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nó níos mó ná na rioscaí sin i bhformhór na gcásanna. Go háirithe, tá fianaise eimpíreach teoranta ann go bhfuil ardriosca díobhála ann i ndáil leis na córais sin agus níor sainaithníodh aon teagmhas a bhaineann leis na córais sin. Baineann conclúid chomhchosúil le córais intleachta saorga a

maidir le Feistí Leighis, ós rud é gur féidir é a mheas mar bhogearraí atá beartaithe chun galar a chóireáil nó a mhaolú (Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le Feistí Leighis). Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle. IO L 117, 5.5.2017, lgh. 1–175.

¹² Mar shampla, botaí comhrá féinchabhrach IS a bhfuil feidhmiúlachtaí aitheanta mothúchán acu. Maidir le córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun mothúcháin a aithint, aicmítear iad mar chórais ardriosca de bhun Iarscríbhinn III, pointe 1(c).

úsáidtear chun ábhair foghlama in ábhar pearsantaithe a fhorbairt i gcomhthéacs na foghlama féinmhúinte (neamhspleách). Saináithnítear cásanna úsáide eile le haghaidh foghlaim phearsantaithe atá dírithe ar an intleacht shaorga chun tuilleadh soiléirithe a fháil sna treoirínte atá le teacht ón gCoimisiún maidir le haicmiú córas ardriosca.

- (37) Ar deireadh, mhol Ballstát amháin go leathnófaí Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga chun cásanna úsáide intleachta saorga a chumhdach chun **údaruithe a dheonú d'údaráis phoiblí** i gcásanna ina ndéanann duine iarratas, mar shampla, ar cheadúnas tiománaí, ar cheadúnais arm tine agus armlóin, nó ar chead chun substaintí ceimiceacha a láimhseáil nó chun oibriú le pléascáin. Ag an gcéim seo, níl mórán fianaise ann go dtugann cásanna úsáide den sórt sin údar le haicmiú ardriosca bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 7 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. I bhfianaise an mhéid sin, measann an Coimisiún gur fiú tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar na rioscáil sin.

3.2. Anailís ar an ionchur ón gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

- (38) Ón 6 Meitheamh go dtí an 18 Iúil 2025, d'eagraigh an Coimisiún comhairliúchán ilpháirtithe leasmhara¹³ chun ionchur a bhailiú maidir le cur chun feidhme rialacha an Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga ardriosca. Áiríodh sa chomhairliúchán sin freisin roinnt ceisteanna maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith le leasú a dhéanamh ar liosta na gcásanna úsáide ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus ar liosta na gcleachtas intleachta saorga toirmiscthe in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.
- (39) San iomlán, fuarthas 547 freagra ó pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear gnólachtaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an saol acadúil, institiúidí poiblí, agus daoine atá ag gníomhú i gcáil phríobháideach¹⁴.

3.2.1. Tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta na dtoirmeasc in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

¹³ [Comhairliúchán poiblí seolta ag an gCoimisiún maidir le córais intleachta saorga ardriosca | An Tairseach Eorpach don r-Cheartas.](#)

¹⁴ Thug 409 freagróir san iomlán le fios go bhfuil siad ag déanamh ionadaíochta ar eagraíocht. Ina measc sin, bhí an grúpa is mó freagróirí ina n-ionadaithe ar chuideachtaí (150 freagra), agus ina dhiaidh sin ar chomhlachais (93 freagra) agus na freagróirí sin a roghnaigh 'eagraíocht eile' (81 freagra). Fuarthas 56 freagra ó eagraíochtaí nó ó chomhlachais na sochaí sibhialta, agus ba iad institiúidí taighde (11 fhreagra), ollscoileanna (7 bhfreagra), meithleacha machnaimh (6 fhreagra) agus eagraíochtaí tomhaltóirí (5 fhreagra) a bhí i mionlach na n-eagraíochtaí. Thug 138 freagróir san iomlán le fios go bhfuil siad ag gníomhú i gcáil aonair. I measc na ngrúpaí deireanacha sin, ba iad na grúpaí ba mhó iad siúd a thug tuairisc orthu féin mar shaineolaithe neamhspleácha eile nó mar eagraíochtaí a bhfuil saineolas ábhartha acu (35), mar sholáthraithe córais intleachta saorga (34), agus mar lucht acadúil (28), agus roghnaíodh 14 ghrúpa 'eile' agus saináithníodh 13 ghrúpa mar úsáideoirí gairmiúla córais intleachta saorga. Léirigh roinnt freagróirí eile a chuir in iúl go bhfuil siad ag gníomhú i gcáil phearsanta nasc le heagraíocht sochaí sibhialta (7), le hoibreoirí eile (3), le comhlachas gnó (2), nó le húdarás maoirseachta (2).

- (40) Cé gur mheas líon suntasach páirtithe leasmhara gur leor an liosta atá ann faoi láthair, ¹⁵mhol páirtithe leasmhara eile toirmisc bhreise a chur leis¹⁶. Níor mhol formhór na bpáirtithe leasmhara is freagróirí go mbainfí aon cheann de na toirmisc atá ann cheana.
- (41) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar mholtaí na bpáirtithe leasmhara toirmisc bhreise a chur san áireamh tríd an modheolaíocht agus na critéir a leagtar amach i Roinn 2.1.1 thuas a chur i bhfeidhm. Go háirithe, d'fhéach an Coimisiún leis na cleachtais sin a shainathint, ó na moltaí a fuarthas, ar féidir a mheas go bhfuil siad an-díobhálach agus mí-úsáideach, a thagann salach ar luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais, agus nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana. Leis an gcur chuige sin, cuireadh bonn eolais faoin measúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh údar le cur leis an liosta de chleachtais intleachta saorga thoirmisceithe nó arbh fhearr aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos iomchuí trí shásraí rialála eile laistigh den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nó, b'fhéidir, trí reachtaíocht eile de chuid an Aontais.
- (42) Measadh gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar líon suntasach moltaí le forálacha reatha an Ghníomh um an Intleacht Shaorga, trí na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, trí chórais intleachta saorga áirithe a aicmiú mar chórais ardriosca faoi Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, nó trí na ceanglais trédhearcachta in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Nuair a dhéantar measúnú ar chuid de na moltaí i bhfianaise na céime reatha d'fhorbairt agus d'imscaradh na hintleachta saorga, chomh maith leis na teagmhais intleachta saorga a cláraíodh a chur san áireamh, is cosúil nár chomhlíon siad an tairseach maidir le toirmeasc faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga¹⁷.
- (43) Léiríodh na hábhair inmí seo a leanas a chuir na páirtithe leasmhara in iúl arís agus arís eile chun tuilleadh faireacháin agus meastóireachta a dhéanamh ar chleachtas:
- I réimse na bithmhéadrachta, díriodh in go leor moltaí ar leathnú a dhéanamh ar an toirmeasc ar úsáid **teicneolaíochtaí aitheanta mothúchán** in Airteagal 5(1)(f) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tá toirmeasc ar úsáid den sórt sin nuair a úsáidtear í i réimsí an ionaid oibre agus na n-institiúidí oideachais¹⁸. Aicmítear úsáid na gcóras sin i ngach réimse eile mar chórais intleachta saorga ardriosca faoi pointe 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go gcuirfidh úsáideoirí gairmiúla córas aitheanta mothúchán na daoine nádúrtha a nochtar dóibh ar an eolas faoi oibriú an chórais. Mar sin féin, chuir roinnt freagróirí a n-inmí in iúl maidir lena n-imscaradh i gcomhthéacsanna íogaire, amhail an imirce, agus mhol siad gur cheart toirmeasc sainráite a chur ar a n-úsáid sna réimsí sonracha sin seachas a bheith faoi réir ceanglais rialála ardriosca. Mar gheall ar an easpa fianaise eimpíreach nach leor córais den sórt sin a aicmiú mar chórais ardriosca chun a áirithiú go gcosnófar cearta bunúsacha, ní fheictear don Choimisiún go bhfuil gá láithreach le hAirteagal 5

¹⁵ Na freagróirí a chuir an tuairim sin in iúl go sainráite ina bhfreagraí agus iad siúd nár thug barúil maidir leis an gceist ábhartha, thuig siad gur leor an liosta toirmeasc atá ann faoi láthair.

¹⁶ Beagán níos mó ná 10 % de na freagróirí.

¹⁷ Amhail, mar shampla, moltaí chun córais intleachta saorga a úsáidtear i mbainistiú na himirce a thoirmeasc; clóin ghutha i bhfeidhmchláir IS atá dírithe ar thomhaltóirí; nó persona a ghintear leis an intleacht shaorga a úsáidtear le haghaidh teachtaireachtaí polaitiúla.

¹⁸ Ach amháin i gcás ina bhfuil sé beartaithe úsáid an chórais intleachta saorga a chur ar bun nó a chur ar an margadh ar chúiseanna leighis nó sábháilteachta.

den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a leasú ina leith sin. Mar sin féin, marcáiltear an réimse sin chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh air.

- D'ardaigh roinnt páirtithe leasmhara an cheist maidir le haicmiú **córas intleachta saorga lena gcumasaítear patrúin dhorcha agus dearadh andúile**. Is é measúnú reatha an Choimisiúin go gcumhdaítear na cásanna is díobhálaí de chleachtais den sórt sin cheana féin leis na toirmisc atá ann cheana, go háirithe iad siúd a liostaítear in Airteagal 5(a) agus (b) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Thairis sin, féadfar na cleachtais sin a chumhdach i reachtaíocht eile de chuid an Aontais amhail an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha¹⁹ agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha²⁰, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cumasaithe ag an intleacht shaorga. Mar sin féin, is ábhar mór inní fós iad na cleachtais sin. Meastar go bhfuil sé tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a n-éabhlóid chun a mheas an leanann reachtaíocht an Aontais atá ann cheana de chosaint leordhóthanach a sholáthar go háirithe i gcás ina gcumasaíonn córais intleachta saorga patrúin dhorcha agus dearadh andúile.
- Tharraing roinnt páirtithe leasmhara aird ar chórais intleachta saorga lena n-éascaítear **camscéimeanna agus lena ngintear íomhánna nocht agus domhainbhrionnuithe mailíseacha agus táireacha eile**. Sainaithníodh na cleachtais dhíobhálacha sin freisin san anailís ar theagmhais agus déantar tuilleadh plé orthu i Roinn 3.3.3. thíos.

3.2.2. Tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá leis na cásanna úsáide in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a leasú

- (44) Cé gur mheas líon substaintiúil páirtithe leasmhara go raibh an liosta de chásanna úsáide ardriosca atá ann cheana in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga leordhóthanach²¹, mhol páirtithe leasmhara eile cásanna úsáide nua a chur leis na ceanteidil réimse, cásanna úsáide reatha a leathnú, nó cheistigh siad ar cheart ceanteidil réimse nua a chur leis an iarscríbhinn²². Níor thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara le haon cheann de na cásanna úsáide reatha a bhaint d'Iarscríbhinn III.
- (45) Mheas an Coimisiún go raibh aghaidh á tabhairt go leordhóthanach ar líon suntasach moltaí le forálacha reatha an Ghníomh um an Intleacht Shaorga²³. Rinneadh meastóireacht

¹⁹ Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha'). IO L 149, 11.6.2005, lgh. 22–39.

²⁰ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha). IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1–102.

²¹ Na freagróirí a chuir an tuairim sin in iúl go sainráite ina bhfreagraí agus iad siúd nár thug barúil maidir leis an gceist ábhartha, glacadh leis go measann siad gur leordhóthanach an liosta reatha de chásanna úsáide intleachta saorga ardriosca in Iarscríbhinn III.

²² Thart ar 20 % de na freagróirí.

²³ Amhail, mar shampla, moltaí chun córais bhithmhéadracha shonracha a áireamh mar chórais ardriosca (a chumhdaítear cheana féin faoi phointe 1 d'Iarscríbhinn III).

ar na moltaí eile chun cásanna úsáide breise agus ceanteidil réimse bhreise a chur san áireamh, agus na critéir a liostaítear in Airteagal 7 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga á gcur san áireamh (féach Roinn 2.1.2. thuas). Scrúdaíodh roinnt cásanna úsáide beartaithe, ach measadh nár bhain riosca díobhála leo atá coibhéiseach leis na cinn a liostaítear cheana in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga²⁴ nó atá níos mó ná na cinn sin. Rinneadh measúnú ar roinnt de na hábhair inní a chuir páirtithe leasmhara in iúl mar ábhair inní ar dócha go gcumhdaítear iad cheana féin le liosta na gcásanna úsáide ardriosca in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus tugadh faoi deara go bhfuil soiléiriú breise déanta orthu sna treoirlínte maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca atá á ndréachtú ag an gCoimisiún faoi láthair²⁵.

(46) Tá na hábhair inní seo a leanas, a chuir páirtithe leasmhara in iúl arís agus arís eile, sainaitheanta ag an gCoimisiún le haghaidh faireachán agus measúnú leanúnach i bhfianaise cleachtais atá ag teacht chun cinn:

- Bhain líon suntasach moltaí le **pointe 5 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga**. Maidir le pointe 5(a), cheistigh roinnt páirtithe leasmhara easpa tagartha sainráite do chórais intleachta saorga a úsáidtear sa riarachán poiblí chun rochtain ar shochair leasa shóisialta agus ar thithíocht shóisialta a bhainistiú. Maidir le pointe 5(b), thug páirtithe leasmhara dá n-aire nach gcumhdaítear go soiléir córais intleachta saorga a úsáidtear i scagadh tionóntaí agus incháilitheacht i gcomhair seirbhísí príobháideacha (e.g. teileachumarsáid, fónais). Maidir le pointe 5(c), cuireadh inní in iúl go bhfuil an cás úsáide ardriosca atá ann faoi láthair teoranta d'árachas saoil agus sláinte, gan cineálacha árachais riachtanacha eile a lua (e.g. mótarfheithicil, dlíteanas gairmiúil, árachas úinéirí tí, árachas míchumais). Bhí moltaí ann freisin pointe 5(d) a leathnú chun córais intleachta saorga a áireamh a mbíonn tionchar acu ar chinntí práinnfhreagartha a dhéanann difear do shábháilteacht agus do chearta (e.g. aslonnú éigeantach, díanghlasálacha). Cé gur tugadh go leor de na moltaí faoi deara le haghaidh soiléiriú breise sna treoirlínte atá le teacht ón gCoimisiún maidir le haicmiú córas ardriosca, déanfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga dlúthfhaireachán ar chur in úsáid córas intleachta saorga sa réimse a chumhdaítear le pointe 5 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, agus go háirithe i gcásanna nach ann d'aon chás úsáide ardriosca ábhartha in Iarscríbhinn III maidir le córais intleachta saorga shonracha. Tabharfar aird ar leith ar shonraí eimpíreacha maidir le díobháil iarbhir a bhailiú agus ar aon bhearna rialála a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaitheint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le leasú nó forlíonadh a dhéanamh ar liosta na gcásanna úsáide ardriosca i bpointe 5 d'Iarscríbhinn III nó ar cheanteideal an réimse ar bhonn níos ginearálta.
- Ag athdhearbhú di an inní a chuir Ballstát amháin in iúl (féach Roinn 3.1. thuas), bhain saincheist athfhillteach sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara le **compánaigh IS agus botáí comhrá um thacaíocht mheabhrach IS**. Thug páirtithe leasmhara na córais intleachta saorga sin faoi deara i gcomhthéacs an ghá a d'fhéadfadh a bheith ann

²⁴ Mar shampla, córais intleachta saorga atá deartha le haghaidh soláthraithe seirbhíse ar líne chun a áirithiú go dtabharfar infheictheacht oiriúnach do sheirbhísí meán ciosamhairc a bhaineann le leas an phobail; córais intleachta saorga áirithe a úsáidtear i bhfeirmeoireacht beostoic.

²⁵ Amhail ábhair inní a cuireadh in iúl maidir le córais shonracha intleachta saorga a úsáidtear san fhostaíocht agus in aithint mothúchán.

cleachtas intleachta saorga thoirmiscthe agus cásanna úsáide Iarscríbhinn III a leasú. Mar a tugadh faoi deara thuas, má fheidhmíonn na córais sin tionchar fo-thairseachúil, ionramhálach nó meabhlach, nó má thagann siad i dtír ar leochaileachtaí ar bhealach díobhálach, féadfaidh siad teacht faoi thoirmisc Airteagal 5(a) agus (b) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Nuair a dheartar iad le heilimintí chun mothúcháin a aithint, féadfar iad a aicmiú mar ardriosca faoi phointe 1(c) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Tá feidhm ag oibleagáidí trédhearcachta freisin chun a áirithiú go bhfuil úsáideoirí ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le bosca comhrá IS nó go bhfuil siad faoi réir córais aitheanta mothúcháin nó catagóirithe bhithmhéadraigh. Soláthraítear coimircí breise leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha²⁶ agus le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí nuair is infheidhme²⁷. Mar sin féin, i bhfianaise iomadú méadaitheach na gcompánach IS agus na mboitaí comhrá um thacaíocht mheabhrach IS, measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach dlúthfhairteachán a dhéanamh ar a bhforbairt sna blianta amach romhainn chun tuilleadh fianaise a bhailiú agus chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an creat reachtach atá ann cheana leordhóthanach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo.

- Mhol roinnt páirtithe leasmhara **córais intleachta saorga a úsáidtear i mbailiú agus forfheidhmiú fiachais** a aicmiú mar chórais ardriosca, agus thug siad dá n-aire go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann soláthraithe fuinnimh, teileachumarsáide agus airgeadais astu. D'fhéadfadh na córais intleachta saorga sin teacht faoi cheannteideal réimse phointí 5 nó 8 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh faireacháin ar na córais sin chun a fháil amach cé chomh dian agus atá siad á n-úsáid agus an díobháil a d'fhéadfadh teacht chun cinn, go háirithe i ndáil le tomhaltóirí leochaileacha.
- Mhol roinnt páirtithe leasmhara raon feidhme phointe 2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a leathnú, a bhaineann le córais intleachta saorga a úsáidtear i réimse an **bhonneagair chriticiúil**. Mhol siad gur cheart a chumhdach sa réimse sin ní hamháin córais intleachta saorga a fheidhmíonn mar chomhpháirteanna sábháilteachta ach raon níos leithne córas freisin atá ina gcuid dhílis

²⁶ Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), cuirtear toirmeasc ar dheardh comhéadain ionramhála (patrúin dhorcha) agus cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe Ardán an-Mhór ar Líne (VLOPanna) agus Inneall Cuardaigh an-Mhór ar Líne (VLOSEna) aon riosca sistéamach a eascraíonn as dearadh nó feidhmiú a seirbhísí agus a gcóras gaolmhar, lena n-áirítear córais algartamacha (Airteagal 34 GSD), a shainaitheant, a mheasúnú agus a anailísiú. Ceanglaítear ar sholáthraithe freisin bearta maolaithe réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear a gcórais algartamacha a thástáil agus a oiriúnú (Airteagal 35 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha). Ceanglaítear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha freisin ar sholáthraithe ardán ar líne atá inrochtana do mhionaoisigh, bearta iomchuí agus comhréireacha a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a chinntiú ar a seirbhís (Airteagal 28.1 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha). Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha). IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1–102.

²⁷ Amhail prionsabail próiseála sonraí agus cearta na n-ábhar sonraí arna mbunú le RGCS a bheadh infheidhme maidir le córas intleachta saorga, e.g. toisc go n-úsáidtear sonraí pearsanta chun córas intleachta saorga a fhorbairt nó toisc gur ndéantar iad a ionchur nó a aschur le linn chur i bhfeidhm an chórais IS. Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

d'iontaofacht agus leanúnachas bonneagair. I bhfianaise na moltaí sin, tá gá le tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar chórais intleachta saorga sa réimse sin chun measúnú a dhéanamh ar dhéine an imscartha agus na díobhála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na córais sin sa chleachtas.

3.3. Taighde eimpíreach: anailís a dhéanamh ar bhunachair sonraí teagmhas intleachta saorga agus ar fhoinsí eile

(47) Chun críocha na tuarascála seo, rinneadh iniúchadh agus anailís ar an bhfaisnéis i mbunachair sonraí ábhartha maidir le teagmhais intleachta saorga freisin. Rinneadh an taighde deisce sin chun cleachtais chontúirteacha agus teagmhais roimhe seo a shainaithint arbh iad córais intleachta saorga ba chúis leo a d'fhéadfadh fianaise eimpíreach a sholáthar ar rioscaí don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha a tháinig chun cinn chun bonn eolais a chur faoin measúnú ar an athbhreithniú. Cé go soláthraítear foinse bhreise leis an taighde eimpíreach a dhéantar sa chéad roinn eile chun mapáil a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil maidir le díobhála agus teagmhais arb iad córais intleachta saorga is cúis leo, tá teorainneacha bunúsacha ag baint leis an taighde sin ós rud é nach bhfuil faisnéis iomlán fhíoraithe maidir le gach teagmhas intleachta saorga sna bunachair sonraí teagmhas a ndearnadh anailís orthu. Is teagmhais dhomhanda nach bhfuil teoranta don Eoraip iad go leor de na teagmhais freisin agus ní bhíonn faisnéis mhionsonraithe ar fáil i gcónaí chun na teagmhais faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga a chatagóiriú i gceart.

3.3.1. Bunachair sonraí agus amlíne

(48) Ba é Monatóir Teagmhas agus Guaise IS (AIM) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)²⁸ an príomhbhunachar sonraí ar a raibh an taighde deisce sin ag brath. Is tionscadal saor in aisce agus foinse oscailte é an bunachar sonraí sin atá tiomnaithe d'innéacsú a dhéanamh ar stair na ndíobhála nó na ngardhíobhála a tháinig chun cinn san fhíorshaol trí chórais intleachta saorga a chur in úsáid. Tá an bunachar sonraí bunaithe ar an intleacht shaorga agus bailíonn sé faisnéis faoi theagmhais intleachta saorga ó fhoinsí poiblí (teagmhais intleachta saorga a chumhdaítear leis na meáin den chuid is mó). Bunachar sonraí eile a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle leis ab ea Stór Riosca IS²⁹ Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT)³⁰. Rinneadh anailís ar an mbunachar sonraí sin go príomha chun modheolaíocht na hanailíse ar theagmhais a cheapadh.

²⁸ Le fáil ag https://oecd.ai/en/incidents?search_terms=%5B%5D&and_condition=false&from_date=2014-01-01&to_date=2025-05-27&properties_config=%7B%22principles%22:%5B%5D,%22industries%22:%5B%5D,%22harm_types%22:%5B%5D,%22harm_levels%22:%5B%5D,%22harmed_entities%22:%5B%5D%7D&only_threats=false&order_by=date&num_results=20

²⁹ Le fáil ag <https://airisk.mit.edu/>

³⁰ Tá trí chuid sa stór seo: (i) an Bunachar Sonraí Riosca IS; (ii) Tacsanomaíocht Chúiseach Rioscaí IS (aicmiú a dhéanamh ar conas, cathain agus cén fáth a dtarlaíonn rioscaí IS); agus Tacsanomaíocht Fearainn Rioscaí IS

- (49) Mar gheall ar chineál na mbunachar sonraí teagmhas, nach bhfoilsíonn ach achoimrí gearra ar theagmhais thuairiscithe, bhí na hanailísí a bhí ag brath ar na foinsí sin teoranta go pointe áirithe. Le tuairiscí gonta, ní féidir meastóireacht bheacht a dhéanamh go comhsheasmhach ar shaintréithe na dteagmhas, ná ní chumasaítear leo i gcónaí catagóiríú cruinn de réir an chreata modheolaíochta a úsáidtear sa tuarascáil seo, mar a shonraítear i Roinn 2.1. thuas. Mar gheall ar na teorainneacha agus na srianta sin, tagraítear sa tuarascáil seo do théarmaí cainníochtaithe ginearálaithe (amhail ‘cuid shubstantiúil’ nó ‘cuid bheag’), seachas cion beacht teagmhas a sholáthar.
- (50) Chun dóthain ama a thabhairt chun anailís a dhéanamh ar na teagmhais, bhí an tréimhse ama a cumhdaíodh teoranta do theagmhais a tuairiscíodh ón 1 Eanáir 2024 (tar éis bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga) go dtí an 31 Bealtaine 2025. San iomlán, tuairiscíodh 3 791 teagmhas i Monatóir Teagmhas agus Guaise IS (AIM) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le linn na tréimhse sin.

3.3.2. Catagóiríú na dteagmhais tuairiscithe

- (51) Ba é an chéad chéim den anailís catagóiríú na 3 791 teagmhas uile a tuairiscíodh i sé chatagóir. Áiríodh ar na catagóirí sin:
1. teagmhais nach dtagann faoi raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga;
 2. teagmhais ar dócha go dtabharfar aghaidh orthu le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga;
 3. teagmhais is dócha a chumhdaítear le hAirteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga;
 4. teagmhais, a bhfuil rioscaí hipitéiseacha ag baint leo, gan aon díobháil a bheith déanta acu ó thráth an tuairiscithe;
 5. teagmhais a dtugtar aghaidh orthu (nó a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu) le hAirteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga; agus
 6. teagmhais a dtugtar aghaidh orthu (nó a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu) le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.
- (52) Cé gur bailíodh catagóirí 1-4 chun tuiscint níos fearr a fháil ar thírdhreach foriomlán na dteagmhais intleachta saorga, ní dhearnadh tuilleadh anailíse ach ar theagmhais a thagann faoi chatagóirí 5 agus 6 de réir na modheolaíochta a úsáideadh don tuarascáil seo agus de réir na gcritéar thuasluaite (Roinn 2.1).
- (53) Léiríodh san anailís go raibh beagnach leath de na teagmhais uile a tuairiscíodh le linn na tréimhse ábhartha lasmuigh de raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga nó gur

(rioscaí IS a aicmiú i seacht réimse (e.g., ‘Mífhaisnéis’) agus 24 fhofhearann (e.g., ‘Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach’).

cumhdaíodh go leordhóthanach iad le hionstraimí eile de chuid an Aontais³¹. Ina theannta sin, is dócha go dtabharfaí aghaidh ar thart ar 10 % de na teagmhais a tuairiscíodh le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga³² agus, dá bhrí sin, tá coinne leis go maolófar iad a luaithe a thiocfaidh na rialacha sin den Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm. Ba chosúil gur tugadh aghaidh ar chuid de na teagmhais thuairiscithe le hAirteagal 50 den Gníomh um an Intleacht Shaorga³³ agus, dá bhrí sin, is féidir coinne a bheith leis go maolófar iad ar an gcaoi chéanna nuair a thiocfaidh an chuid sin den Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm. Ar deireadh, ba theagmhais hipitéiseacha iad cuid de na teagmhais a tuairiscíodh agus dá bhrí sin eisiadh iad ó anailís bhreise, a bhí teoranta do dhamáiste iarbhír a tharla nó ar dócha le réasún go dtarlódh sé mar gheall ar an teagmhas.

- (54) Shainnadh an Coimisiún go raibh thart ar 30 % de na teagmhais a tuairiscíodh ábhartha le haghaidh anailís níos mionsonraithe. Tháinig thart ar dhá thrían de na teagmhais sin faoi raon feidhme Airteagal 5 den Gníomh um an Intleacht Shaorga nó measadh go raibh siad ábhartha go leor chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na critéir lena n-áireamh ar an liosta de chleachtais intleachta saorga thoirmiscithe (Roinn 2.1.1 thuas). Maidir leis an gcuid eile, i.e. aon trían de na teagmhais a sainnadh le haghaidh anailís níos mionsonraithe, is dócha go dtiocfaidh siad faoi na ceannteidil réimse ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga³⁴. Mar sin féin, b'éigean a fhíorú cé acu a gabhadh nó nár gabhadh na teagmhais sin leis na cásanna úsáide ardriosca a liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn III nó, mura gabhadh, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na critéir lena n-áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga (na critéir a phléitear i Roinn 2.1.2. thuas).

3.3.3. Measúnú a dhéanamh ar theagmhais a sainnadh le haghaidh tuilleadh measúnaithe

- (55) Is é a bhí i gceist leis an dara céim den anailís measúnú a dhéanamh ar cé acu a cumhdaíodh nó nár cumhdaíodh an 30 % de na teagmhais thuairiscithe a sainnadh le haghaidh ábhartha d'anailís níos mionsonraithe leis na toirmisc in Airteagal 5 nó leis na cásanna úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Mura bhfuil, bhí sé d'aidhm ag an measúnú ina dhiaidh sin an gá a d'fhéadfadh a

³¹ Bhain na teagmhais sin go ginearálta le saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail sárúithe ar phríobháideachas sonraí, a rialaítear le RGCS. Thairis sin, bhain go leor de na teagmhais sin le díospóidí cóipchirt, a dtugtar aghaidh orthu le hionstraimí amhail dlí cóipchirt an Aontais. Ina theannta sin, d'eascair go leor teagmhais as réimsí a thagann faoi inniúlachtaí na mBallstát, amhail úsáid IS i bhfeidhmeanna míleata.

³² Bhain na teagmhais sin go príomha le damáiste a eascraíonn as IS a úsáidtear i bhfeistí leighis nó i bhfeithiclí uathrialaitheacha.

³³ Baineann na teagmhais sin le domhainbhrionnuithe nach bhfuil comharthaí uisce iomchuí orthu ná bearta trédhearcachta eile ag baint leo.

³⁴ Den chuid is mó, bhain na teagmhais sin le húsáid IS i sainnadh bhithmhéadrach i bhforfheidhmiú an dlí, i mbainistiú rialaithe teorann, i seirbhísí riachtanacha, in institiúidí oideachais agus gairmoideachais, agus i riar an cheartais agus na bpróiseas daonlathach

bheith ann na forálacha sin a leasú a chinneadh trí chásanna úsáide ábhartha a chur leo nó a bhaint.

Teagmhais a d'fhéadfaí a chuimsiú faoi na cleachtais intleachta saorga thoirmiscithe a liostaítear in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

(56) Maidir le teagmhais a d'fhéadfadh teacht faoi na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ba chosúil go raibh cuid de na teagmhais a ndearnadh measúnú orthu cumhdaithe cheana féin leis an bhforáil sin³⁵. Ní fhéadfaí roinnt de na teagmhais a mheas mar theagmhais a chumhdaítear le toirmisc Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ná ní fhéadfaí iad a eisiámh uathu, mar gheall ar easpa faisnéise leordhóthanaí chun measúnú nithiúil a dhéanamh.

(57) Mar sin féin, shaináithin an Coimisiún líon suntasach teagmhas mar theagmhais a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis na cleachtais thoirmiscithe in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nó mar theagmhais arb ionann iad agus cleachtais chomhchosúla a bhfuil éifeacht thar a bheith díobhálach agus mí-úsáideach acu nár cumhdaíodh go soiléir leis an bhforáil sin. Rinneadh measúnú ar na teagmhais sin de réir na gcrítear a phléitear i Roinn 2.1.1. thuas. Is é an toradh a bhí ar an anailís sin na réimsí seo a leanas ar tharraing an Coimisiún aird orthu:

- Córais intleachta saorga atá beartaithe chun **domhainbhrionnuithe neamhthoiliúla lomnochna agus gáirsiúla** a ghiniúint, nó in ann é sin a dhéanamh, cinn lena dtaispeántar fíordhaoine, mionaoisigh san áireamh. Tá anailís déanta ag an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí leis na toirmisc atá ann cheana ar chórais intleachta saorga a úsáideann teicnící ionramhálacha nó mearbhálacha d'aon ghnó (Airteagal 5(1)(a) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga), nó a thagann i dtír ar leochaileachtaí i ngeall ar aois, míchumas, nó staid shocheacnamaíoch shonrach (Airteagal 5(1)(b)) lena gcruthaítear díobháil shuntasach, córais intleachta saorga a chumhdach a tháirgeann ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus íomhánna neamhthoiliúla gáirsiúla. Is é conclúid an Choimisiúin nach gcumhdaítear na cleachtais sin le hAirteagal 5(1)(a), ná le hAirteagal 5(1)(b) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ós rud é nach ndéanann siad ionramháil ar leanaí ná ar íospartaigh chun iad a rannpháirtíú in iompraíocht dhíobhálach.
- Córais intleachta saorga atá beartaithe chun **camscéimeanna agus calaois airgeadais a éascú**, d'fhéadfaí iad a chumhdach le hAirteagal 5(1)(a) agus (b) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, má chomhlíontar coinníollacha na bhforálacha sin, lena n-áirítear tairseach na díobhála suntasaí airgeadais. Chuige sin, is gá freisin nasc cúisíoch inchreidte a bheith ann idir an díobháil airgeadais a rinneadh nó ar dócha le réasún go ndéanfar í agus úsáid an chórais intleachta saorga (e.g. ábhar domhainbhrionnaithe lena ndéantar pearsanú ar bhall teaghlaigh). Measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhforbraíonn cleachtas na mBallstát maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar an gceanglas maidir le dochar suntasach airgeadais agus ar an gcaoi a mbeidh tionchar aige sin ar chumhdach na gcleachtas díobhálach calaoiseach intleachta saorga sin leis na toirmisc in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

³⁵ Bhain na teagmhais sin, a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe le hAirteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, le raon ábhar, amhail saináithint bhithmhéadrach fíor-ama nó aithint mothúchán san ionad oibre.

Teagmhais a bhaineann le cásanna úsáide ardríosca in Iarscríbhinn III

(58) Tugadh le fios san anailís ar theagmhais a thagann faoi na ceannteidil réimse ardríosca in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga gur dócha gur cumhdaíodh cuid shubstaintiúil cheana féin leis na cásanna úsáide sonracha a liostaítear san iarscríbhinn sin³⁶. Ina theannta sin, measadh nach raibh leibhéal ríosca díobhála ag baint le roinnt teagmhas tuairiscithe atá coibhéiseach leis an leibhéal a bhaineann leis na cásanna úsáide a liostaítear cheana in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga³⁷. Ní fhéadfaí cion níos lú teagmhas a chatagóiriú go cinntitheach mar gheall ar fhaisnéis neamhleor.

(59) Sainithníodh líon suntasach teagmhas mar theagmhais a thagann faoi na ceannteidil réimse a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga; mar sin féin, níor cumhdaíodh iad sin go soiléir leis na cásanna úsáide sonracha a leagtar amach ann faoi láthair. Rinneadh measúnú ar na teagmhais sin bunaithe ar na critéir a pléadh i Roinn 2.1.2. thuas. Mar thoradh ar an anailís, sainithníodh na réimsí seo a leanas ar cuireadh bratach leo chun tuilleadh faireacháin agus bailithe sonraí a dhéanamh:

- Bhain líon suntasach teagmhas le **feachtais bhréagaisnéise pholaitiúla**, a thagann go téamach faoi réimse riar an cheartais agus na bpróiseas daonlathach a liostaítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn III, ach nach bhfuil le feiceáil go soiléir sna cásanna úsáide a liostaítear ann. Bhain na feachtais bhréagaisnéise sin den chuid is mó le físeáin agus íomhánna domhainbhrionnaithe, a dtugtar aghaidh ar a rioscaí go pointe áirithe cheana féin le hAirteagal 50 den Gníomh um an Intleacht Shaorga. Thairis sin, féadfar cuid de na córais intleachta saorga sin a chumhdach leis na toirmisc in Airteagal 5(1)(a) nó (b) den Gníomh um an Intleacht Shaorga, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos ann. Ina theannta sin, leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an Rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhírú na Fógraíochta Polaitiúla³⁸, tugtar aghaidh ar chuid de na saincheistanna a bhaineann leis an mbréagaisnéis pholaitiúil. Tá bearta agus tionscnaimh bhreise beartaithe sa

³⁶ Is minic a bhain na teagmhais i réimse na bithmhéadrachta (pointe 1 d'Iarscríbhinn III) le córais intleachta saorga a úsáidtear i gceamaraí faireachais le haghaidh cian-aithint aghaidhe chun amhrastaigh a shainaithe. I réimse na fostaíochta, na teagmhais shainaitheanta a bhaineann le córais intleachta saorga a úsáidtear chun na próisis fruilithe agus lámhaigh a bharrfheabhsú, amhail CVanna a scanadh, nó faireachas a dhéanamh ar fhostaithe ar ardáin a úsáidtear ag an obair. I réimse na rochtana ar sheirbhísí fíor-riachtanacha agus na tairbhe a bhaintear astu, is minic a bhain teagmhais tuairiscithe le halgartam IS-bhunaithe a úsáid chun aird a tharraingt ar dhaoine a fhaigheann sochair tithíochta mar chás calaoise, rud a d'fhág go raibh imscrúduithe neamhriachtanacha agus sárúithe ar chearta i gceist. Maidir le réimse fhorfheidhmiú an dlí, áirítear ar theagmhais ábhartha úsáid na hintleachta saorga chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhíonn os comhair íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh. Maidir le bainistiú rialaithe teorann, teagmhais ábhartha a bhaineann le himircigh a rianú agus sainaithe aghaidhe a dhéanamh orthu le ceamaraí.

³⁷ Bhain roinnt teagmhas le húsáid ceamaraí IS a úsáidtear chun cionta tráchta a bhrath nó chun dlús sluaite a rianú agus sábháilteacht a chinntiú le linn imeachtaí poiblí. Baineann feidhmchláir IS den sórt sin le forfheidhmiú an dlí; mar sin féin, ní dhealraíonn sé go bhfuil riosca díobhála ag baint leo atá coibhéiseach leis an riosca díobhála nó drochthionchar a bhaineann le córais intleachta saorga ardríosca eile a liostaítear cheana faoi Iarscríbhinn II pointe 6, nó níos mó ná an riosca sin. Is é is cúis leis sin go príomha go mbaineann siad go ghnáth le cionta riaracháin, nach bhfuil a n-iarmaidí chomh cunórach céanna leis na hiarmaidí a bhaineann le cionta coiriúla nó go n-úsáidtear iad chun sábháilteacht a áirithiú gan éifeacht dhíreach ar chearta bunúsacha. Dá réir sin, ní gá Iarscríbhinn III a leasú faoi láthair i gcásanna úsáide intleachta saorga den sórt sin.

³⁸ Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla. IO L, 2024/900, 20.3.2024.

Teachtaireacht maidir leis an Sciath Eorpach don Daonlathas a glacadh le déanaí³⁹. Déanfaidh an Coimisiún measúnú agus soiléiriú breise sna treoirlínte atá le teacht maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca i dtaobh an bhféadfaí cuid de na cleachtais intleachta saorga sin a aicmiú mar chórais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn nó ar iompraíocht vótála daoine nádúrtha i gcaitheamh a vóta i dtoghcháin nó i reifrinn.

Conclúid

- (60) Is é an Coimisiún a d'ullmhaigh an tuarascáil seo agus díritear í ar an bParlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle chun oibleagáidí an Choimisiúin mar a leagtar amach in Airteagal 112(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh. Cuirtear na torthaí a leagtar amach sa tuarascáil seo faoi bhráid na n-institiúidí sin lena mbreithniú.
- (61) Tar éis an mheasúnaithe a rinneadh agus an mhodheolaíocht oibiachtúil agus rannpháirteach á cur i bhfeidhm le haghaidh an athbhreithnithe a cheanglaítear faoi Airteagal 112(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tugann an Coimisiún dá aire agus déanann sé tuilleadh anailíse ar bhearna rialála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le córais intleachta saorga a ghineann ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus ábhar dhlúthphearsanta neamhthoiliúil, nach dtoirmisctear le hAirteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Ós rud é gur tháinig forálacha an Ghníomh um an Intleacht Shaorga a bhaineann le cleachtais intleachta saorga thoirmiscthe i bhfeidhm an 2 Feabhra 2025 agus nach bhfuil na rialacha maidir le forfheidhmiú infheidhme go fóill, tá an measúnú ar chleachtais intleachta saorga eile atá an-díobhálach agus mí-úsáideach agus a thagann salach ar luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais fós ag céim luath, agus tá easpa taithí praiticiúil ar na toirmisc ann. Ní bheifear in ann meastóireacht níos substaintiúla a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go dtí go mbeidh feidhm ag na toirmisc ar feadh bliana ar a laghad agus go dtiocfaidh dúshláin choiteanna nó bearnaí rialála chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, éascófar meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca agus aon bhearna a d'fhéadfadh a bheith in úsáid na gcóras sin, lena mbaineann ardriosca díobhála don tsláinte agus sábháilteacht nó do chearta bunúsacha, a shainaitheann a luaithe a fhoilseofar treoirlínte an Choimisiúin maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca agus a luaithe a gheofar taithí phraiticiúil. Tá coinne leis freisin go bhfeidhmeoidh boscaí gainimh rialála arna mbunú i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga mar shásra le haghaidh foghlaim rialála agus bailiú fianaise a chuideoidh le bearnaí rialála agus dúshláin léirmhínte a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitheann. Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh agus ar an measúnú a rinneadh sa tuarascáil seo, tharraing an Coimisiún aird, mar sin féin,

³⁹ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An Sciath Eorpach don Daonlathas: Daonlathais Láidre agus Athléimneacha a Chumhachtú. An Bhruiséil, 12.11.2025. JOIN(2025) 791 final.

ar chórais shonracha intleachta saorga chun faireachán agus tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu in athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

- (62) Sna blianta amach romhainn, moltar do na húdaráis um faireachas margaidh a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a mheas an dtugann na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga aghaidh go leordhóthanach ar fheidhmchláir mhailíseacha agus shonracha a bhfuil deis mhór mí-úsáide ag baint leo, agus leas á bhaint as a dtaithí phraiticiúil mhaoirseachta agus forfheidhmithe. Ar an gcaoi chéanna, a luaithe a thiocfaidh na rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca i bhfeidhm agus a chuirfear tús leis an bhforfheidhmiú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chórais intleachta saorga a d'fhéadfadh teacht faoi cheann de na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn III, ach nach luaitear go sainráite i liosta reatha na gcásanna úsáide ardriosca. Cuirfidh na hiarrachtaí sin ionchur fianaisebhunaithe ar fáil do thuarascálacha ón gCoimisiún amach anseo arna nglacadh ar bhonn Airteagal 112(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus cuideoidh siad leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil raon feidhme Airteagal 5 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga fós leordhóthanach le himeacht ama, rud a réiteoidh an bealach d'athbhreithniú eolasach, oibiachtúil agus fianaisebhunaithe agus d'athbhreithniú féideartha ar fhorálacha ábhartha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.
- (63) I gcomhréir le hAirteagal 112(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá an liosta de chleachtas intleachta saorga thoirmisce a leagtar síos in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus an liosta de chásanna úsáide córas ardriosca a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga faoi réir athbhreithniú bliantúil go dtí deireadh thréimhse tharmligeán na cumhachta a leagtar síos in Airteagal 97 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Dá bhrí sin, tá an chéad mheasúnú eile ón gCoimisiún de bhun Airteagal 112 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga le déanamh in 2026 agus, a luaithe a thabharfar chun críche é, foilseoidh an Coimisiún a thorthaí i dtuarascáil.
- (64) Chun bailiú comhsheasmhach córasach sonraí ábhartha a áirithiú roimh mheasúnú 2026, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún iarrachtaí leanúnacha faireacháin a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Chun na críche sin, comhoibreoidh an Oifig um Intleacht Shaorga leis an mBord um Intleacht Shaorga agus le húdaráis inniúla náisiúnta na mBallstát, agus rachaidh sí i gcomhairle, de réir mar is iomchuí, le creataí comhair atá seanbhunaithe de phointí teagmhála náisiúnta sna réimsí ábhartha. Tabharfar aird ar leith ar na réimsí ar cuireadh bratach leo le haghaidh tuilleadh faireacháin agus bailiú fianaise a shainaithnítear sa tuarascáil seo. Mar sin féin, déanfar faireachán freisin ar fhorbairtí teicneolaíochta, chomh maith le hathruithe ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid córas intleachta saorga, ar a dtionchar agus ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn.
- (65) Agus measúnú á dhéanamh an dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, a luaithe a bheidh tús curtha le forfheidhmiú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus a luaithe a bheidh taithí phraiticiúil faighte, déanfar scrúdú san anailís ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an Gníomh um an Intleacht Shaorga le creataí eile de chuid an Aontais agus a gcomhlánaíonn sé iad chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha. Tabharfar aird ar leith ar an gcomhleanúnachas agus ar an idirghníomhú praiticiúil idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus ionstraimí amhail an Gníomh um

Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Rialachas Sonraí, an Rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhírú na Fógraíochta Polaitiúla, chomh maith leis an *acquis* maidir le cosaint tomhaltóirí agus saorghluaiseacht earraí. Le hanailís den sórt sin, ba cheart féachaint lena fháil amach a mhéid a mhaolaítear na rioscaí ábhartha i dteannta a chéile le rialacha cothrománacha, oibleagáidí earnáilsonracha, sásraí rialachais sonraí agus coimircí a bhaineann le táirgí, agus ar an gcaoi sin a chur in iúl an bhfuil gá le tuilleadh idirghabhála rialála.